39964

# ÉSOP A HÁINIG GO HÉRING. I.-V.

## ÆSOP'S FABLES IN IRISH. Parts I. to V.

BY THE VERY REV. PETER CANON O'LEARY, P.P.

Edited

in simplified spelling

BY

OSBORN BERGIN, Ph.D.

Dublin:

THE IRISH BOOK COMPANY,

6 D'OLIER STREET.

1911.

Price 6d. net; by post, 7d.

ALL RIGHTS RESERVED.

P̄ O T.

P 39964

# ÉSOP A HÁINIG GO HÉRING.

I.-V.

ÆSOP'S FABLES IN IRISH. Parts I. to V.

BY THE VERY REV. PETER CANON O'LEARY, P.P.

Aesop. [Fables]

Edited

in simplified spelling

BY

OSBORN BERGIN, Ph.D.

Dublin:

THE IRISH BOOK COMPANY,

6 D'OLIER STREET.

# PREFATORY NOTE.

THE following is an attempt to represent Canon O'Leary's version of the Fables as he would pronounce them himself, that is to say, with the pronunciation of the older generation of sixty years ago.

For several words there are alternative forms. Thus, *lt* or *lh* in all such words as *dálta*, *dálha* ; *er shishan* or *er sheshan* " said he " ; *gach éngi* (*guchaengi*) or *gahéngi*, " everyone " ; *én ní* or *éngí*, " everything " ; *triumuig* or *tíormuig*, " dry " ; *a rachtuiv* or *a rochtuiv*, " in a state." Usage also varies in the pronunciation of the definite article in such phrases as *er an mórd*, or *er a mórd*.

As regards final vowels, it has been thought well to write the words in full, but learners who can read with any rapidity should practise the elision of short unstressed vowels in all cases like *duini acù* (=*duin' acù*), *a fairi orha* (=*a fair' orha*). An unstressed initial vowel may be elided in *agus mi am chola*, 11., 11, where *mi am* makes one syllable (=*miom*).

Those who intend to use the present edition as a key to the original one should note that in Fable 19, Canon O'Leary wishes to substitute luićín for luić and bunaiḋ for aicionta.

Griàgach dob'ea Ésop. Rugag é tímpal shé chiàd blien ruim Chríost. Där dob' ea é. Do vair shé le líng Solóin, an t-olav dlí ba vó dá roiv er Ghriàguıv. D'ínshach shé na Fouil mar holuídí, chun côirli a leasa húirt do ríhiv agus do chóchduív na heimshiri shin. Táid na Fouil chiàna dá n-ínshint ó hin anuas a deaunghachuiv agus a n-úrlouruiv an dôuin. Táhar á n-ínshint ansò a Ngäluing vreá vlasdá víng.

# ÉSOP

## A HÁINIG GO HÉRING.

### Cuid I.

---

### I.—AN FROG AGUS AN MADA RUA.

Háinig frog muar by-vreac inís às a loch agus do hig shé er a bort agus chuir shé fógra amàch, á reá gur v'árd-lie é agus go roiv leis gach galuir igì. Hánadar na hainivihi go lér fé ghén a leish. Ví an mada rua aun. D'iàch shé er a vrog. Nuer a chnuic shé an t-ainiví beog suarach do chuir shé dranagháiri às.

"Iriú greada chút!" er shishan, "ma tá an t-eólas úd go lér agùt fé mar ógruish dúing, nách muar an iúna ná himirean tú biogán dè er do chorpáinín fén. Níl éngi ansò iniùv is mí-chúmha ná hù. Agus cheapfá a chur 'na ly oruing go vuilir ábalta er ár ngireánta go lér do leis. Hit tonóishc beog amàch dô-sa agus buineag an t-ereabal díom. Cheapas nuer airís an óguirt sho uet-shi, go m' édir go gurfá ereabal a n'inead oram. Ní icim, âv, go vuil ereabal

ort fén. Pret ! a ghuini, cavas dod' lihéd-shi cad a vuinean le hereabal ! " Agus hug shé a chúl er go mí-chiàtach agus d'imi shé. Do lean a chuid eli é, agus iad go briàn díov fén.

An Múini.

An té nà fiàdan a ghnó fén a ghiànav, is deocuir a reá go viàta shé gnó an ir haul do ghiànav.

" Do ghnó fén dén, a ghuini,
Ná bac mo ghnó, ná mishi."

## 2.—AN CUILEÀCH AGUS AN MADA RUA.

Maidin vreá hâuruig do hárla go roiv mada rua a shúl go ciúin agus go haicilí, a gónggar do chró na gearc. Is rég a hógach shé na cosa agus is ré ná son a leogach shé fé iad. Dá ous airi a hug shé ghóiv níor v'ada gur chuir shé cos acu san ingil a cuireag san áit d' än ghnó chun bèarha er. Ví an cuileàch 'na hasav anáirdi er a gró. Do chnuic shé cad a hit amàch agus a crua-chás 'na roiv a mada rua.

" O ! a chuilig a chry 'shdig ! " ersan mada rua, " tar agus bog díom a rod so, nú ish geár go me mé gan chos. Tá iosgad guíl agùm leat. Tar agus fuasguil mi. Díolhad an côr leat uer égin."

Níor ghin a cuileàch ach imeàcht láirhach agus a shgiàl d'ínshint d' ear a tí. Háinig sheshan agus cleh igì agus do vairiv shé an mada rua.



An Múini,

Trua do'n chuiripeach ! Mo hrua-sa an té go vuil son igì. Díolha shé às, an uer is lú veg cuingi igì.

## 3.—AN GIORÄ AGUS AN GEALÚN.

Do riug fiular er ghiorä. Ví shé á vili agus á hnáha. Ví gealún er sgairt a fiàchuint orha. " Ca vuil do chosa ? " ersan gealún. " Canahäv ná ruihan tú ueg ? Dá meng-shi ad chás——" Ní roiv shé d'uen igì a hili a reá. Do sguab shouc chun shúil é.

" Á ! " ersan giorä, " is minic airís gur mah an t-iumány an té a víon er a gly."

An Múini.

An té veg a fairi er ghnó an ir haul túrha shé failí 'na ghnó fén. Ná túir côirli chónggarach neachúntach uet, nú tiuca shí avàili chút uer égin.

## 4.—AN UISHÓG AGUS A HÁL.

Ví fuishóg agus nead icì a ngort. D'imíoch shí amàch gach lá a sláhar do'n ál veog a ví sa nid icì. Lá dá roiv shí amùh háinig fear a ghuirt agus a vac, agus d'airig na hén veoga a cayint iad. " Ar airísh, a viceó," ersan fear, " tá an gort so aibig. Ní fláir é vuint. Imig agus bailig na côrsuin agus bídísh ansò agùt er maidin amáireach go muineam é."

Nuer háinig an uishóg avàili d'inish na hén veoga ghì cad duert a fear, " agus cad a ghiànham ! " er shiad. " Maireófar shing ! "

" Ni bäl dív," er shishi. D'imi shí larna váireach a sláhar mar a giàna.

Háinig a fear agus a vac chun an arúir do vuint, ach níor háinig än chôrsa, agus nuer ná táinig än chûnav níor ghineadar än obuir. D'anadar go hadarha a fihav. Ansòn duert a t-ahir :—

" Is beog a tairifi veh a fihav leo sò," er shishan. " Imig a trial er ár nuíni muíntearha, agus bídísh ansò agùt er maidin go muineam a fáirc sho."

Háinig an uishóg avàili agus d'inish na hén veoga an chayint shin dì, agus shgeón unta. " Glacuig úr sueneas," er shishi, " Níl bäl oruing."

D'imi shí irísh er maidin a sláhar. Háinig a fear agus a vac, ach níor háinig än duini muíntearha. D'an a vert a fihav go hadarha agus 'na ghieg.

Ansòn do louir a t-ahir. " Is âula mar atá an shgiàl, a viceó," er shishan, " caham fén an obuir a ghiànav. Dá dosanuímísh er maidin iné vèach 'oravór diànta aguìng um a daca so. Ach is feár diàny ná ró ghiàny. Tiànam avàili inìsh go raym a chola a n-aum agus bèam ansò er eirí lä er maidin agus buinham fén a gort."

Háinig an uishóg avàili. " Cad dúrag iniùv ? " er shishi. " Duert a fear," er shiad, " go mèach shé fén agus a vac ansò er eirí lä er maidin agus go muinhidísh fén a gort."



" Ambàsa, a chlaun ó," er shishi, " ni fláir dúing veh a glueshacht. Buinfar a gort amáireach."

An Múini.

An té veg a brah er a vear haul chun a ghnóha ghiànav, beg an gnó gan diànav igì.

## 5.—AN T-ASAL AGUS AN BIE.

Ví asal agus ví cishán er a vuin, agus ví an cishán lán de vie vah, a góir na vear a ví ag obuir sa ghort er a däv haul do'n vaili. A cur an vóhir dè do'n asal, do chnuic shé feóchadán breá glas borab a leatuív an vóhir, agus chroum shé er é gh'ihi. Nuer a chueg blas cûrha an eóchadáin suas 'na chogansach do ghin shé a vachnav mair sho :

" Is greanúr a shgiàl é," er shishan. " Is mó bie fónta agùm sa chishán so hiar er mo vuin, agus is muar é dúil na vear aun. Ach am briahar go m'eár lium fén an feóchadán so ná é."

An Múini.

" Gach éngi 's a veón fén igì."
" Beaha ghuini a hoil ! "

## 6.—NA MACHTÍRÍ AGUS NA CUÍRI.

Víodar na machtírí agus na cuíri a vad a goga le chéli. Fé gheri d'iaradar sos côruic er a chéli le honachas go niànfy shycháin. Dob' égean gél do húirt ó gach täv go niànfy an sos côruic do hasav. Dúradar na machtírí na cuíri do húirt na ngayr uaha, agus go dúrhidísh fén a guileáin uaha. Do dineag mair shin.

Er baul, nuer chnucadar na cuileáin na cuíri 'na dímpal agus gan tuerishc er a máirheachuiv fén, chromadar er ghlamyl agus er ghol go truavéleach. D'airig na máirheacha gol na guileán. " Ó ! " er shiad, " táid na cuíri úd a marú ár guileán ! Tá an sos côruic brishdi ! " Agus shúd imeasc na gärach iad, á marú agus á n-ihi, mar ní roiv än ghayr inìsh ig na cuíri bochda.

An Múini

Glac côirli ód' nâuid—ach fiàch nách côirli er vaha lesh fén í.

## 7.—AN LEÓN AGUS NA CHERHI TAIRIV.

Ví cherhi tairiv er ínshi ag íngíor. Ví ciun acù er a chéli agus d'anadar coitianta a n-aici a chéli. Ví león er charuig a fairi orha, agus mian mairteóla er. Ví's igì dá dugach shé fé cheaun acù do varú go guirhach an chuid eli na hayrca láirhach aun agus go



maireóidísh é. Ví shé a grua chás fiàchuint cad ba vah ghò ghiànav.

Fé gheri do chuíni shé er hlí 'na diucach shé orha. Do ghluesh shé er measc na gôrsan, agus chroum shé er ishgi fé halav do ghiànav imeasc na darav. Duert shé a gogar lesh a mada rua gur airi shé an tarav ceanan á reá gur tarav gan vah an tarav druimean. Duert shé lesh a meaig gur airi shé an tarav doun á reá gur bihûnach an tarav ceanan. Duert shé lesh a viach nuv gur airi shé an tarav duv á reá gu roiv an tarav doun er tí an tairiv cheanuing do varú.

Ba gheár go roiv an mada rua er an ínshi, 'na hí er húrtóig, agus an fiach duv tamal ueg anún, er ghég fuínshóigi agus iad á ínshint dá chéli cad duert a león. Ví an meaig ag imeàcht ó ghroum tairiv go droum tairiv eli agus é a shgeahireacht.

" Cad tá ig an mert úd haul dá reá ? " ersa tarav de'n cheaharar, a gogar, lesh a meaig. Ba gheár go roiv an chogarnach go lér ínshdi ghóiv ig an meaig. D'inish shé an shgiàl a gogar do gach tarav fé leh sa tímpal.

As son amàch do háinig droh-úntuív ig an geaharar às a chéli. Chuireadar suas do louirt le chéli ach go hanav agus go cosantach. A nieg er nieg do ghrideadar ó chéli. Fé gheri d'imíodar à rayrc a chéli.

Ansòn do háinig a león orha, agus do vairiv shé iad, agus d'ih shé iad er a hásdacht, 'na geaun is 'na geaun.

### An Múini.

Ní neart go cur le chéli.

Ní luigi go sgaipi.

" Tá duini aun is measa ná an t-áirshóir, fíor na Croishi idir shing is é ! shé shin an tiúsgalóir."

Éri a báirt—Éri er lár.

## 8.—NA FROGANA ER LORAG RY.

Ví loch breá muar fairshing a lár machuiri, agus é lán ó häv täv do roganuiv. Frogana breáha shleâuini beahihi b'ea iad. Ví cuid acù muar agus cuid acù beog, cuid acù óg agus cuid acù críona, cuid acù by agus cuid acù crón. Ach beog agus muar dóiv, by agus crón dóiv, óg agus críona ghóiv, ní roiv iread agus än rog aváin acù go roiv buert ná brón ná easba sláinti er. Ní roiv do ghnó ná d'obuir ná do chúram orha, ó vaidin go híhi, ach veh a snâv anún 's anaul tríd an uishgi, nú a cahav trí lém táiliúra do ghruím a chéli, nú á n-umalosc fén sa ghlóhig. Dar leó níor dineag ceol shí ryav ba vreáha ná an ceol a víoch acù, agus iad a crónán agus a cnádán agus a cneaduig, mór hímpal a locha. Do cluintí an dórd shacht n-acara ó'n loch, a dreo, nuer a víoch a mada rua nú an giorä a teacht aváili ó'n viach, go sdaduidísh tamal ag éshdeacht lesh a vour mreá.

Dá ous a ví an säl acù ní roudar sásda. Higeadar



'na n-aigini go roiv én easnav aváin orha agus ná roiv mah er bih a n-én ní dá roiv acù mara leishfí an t-easnav san dóiv.

B'é easnav é shin ná iad a veh gan ry as a giún. " Is trua," er shiad, " gan ry uasal as ár giún, agus é 'na hí 'na chahír ryga, agus a chróing ryga er a cheaun igì, agus é a diànav dlihi agus ryalta ghúing ! "

Ish é Iúpiter do ghineach agus do vrisheach ríhi san aum son. Humáineadar teachduireacht a trial er Iúpiter á iaruig er, ry húirt dóiv. " Imig," ersa Iúpiter le n-a ghiula " agus túir ry ghóiv shúd." " Cad é an ry a húrhad dóiv ? " ersan giula " Diàn-hig sail vah vuar ghiúishi a ngnó," ersa Iúpiter.

D'imig a giula agus d'ayimshi shé sail vuar ghiúishi agus hug shé lesh í, agus chah shé chúha ishdeàch í, a lár a locha. Nuer a hit a tail sa loch do shdealag an t-uishgi sa sbér agus do buineag a lihéd shin de ghet às na froganuiv gur hádar iad fén d' än tá aváin shys ins a druíb a ví a mun a locha, agus ná roiv gíocs ná míocs asda go ceaun a vad.

Fé gheri nuer nár airíodar a hili foharuim, do hóg frog acù a cheaun agus d'iàch shé suas. Ví an tail ansúd shínti er bár ishgi, agus gan cor ná led icì dá chur dì. Do ghlaeg a frog son láirhach er a guid eli. " Eiríg," er shishan " agus tiànam go viceam a ry ! "

D'eiríodar, go mäl agus go mouil er dúsh. Hána-dar go raeg a dreo na saili. Do hnâdar 'na tímpal

agus fan a ghá täv shys agus suas. Ansòn do hnâdar treasna fúhi anún agus anaul.

Níor chuir shí cor dì, ní nách úna. Ba gheár gur chuadar a nánacht. Ba gheár gur lém frog acù anáirdi erhi. Ba gheár go roudar anáirdi erhi 'na vihidív. Níor chuir shishi cor dì.

" Ach ! " er shiad, " níl sa ry sho ach ry gan vah ! "

Humáineadar teachduireacht eli a trial er Iúpiter á iaruig er, ry do chur chúha " go mèach gníov aun."

" Imig," ersa Iúpiter le n-a ghiula, " agus túir dóiv shúd ry go meg gníov aun."

D'imig a giula agus hug shé lesh ahir nî, árachdy do fésht vuar chräsach, agus chah shé sa loch chúha an fiast. Ní túishgi húirlig an fiast sa loch ná ghluesh shí a nie na vrogana, á n-ihi er a díhal.

Do liúdar er Iúpiter an fiast do hógáilt uaha. " B'édir " ersa Iúpiter, " dá olcas é go diucach ry ba veasa ná é 'na ghieg chúiv."

" Á ! " er shiad, " Is trua chráiti nár anamuir mar a ví aguìng er dúsh. Is mah is cuín ling a ous a ví an säl aguìng ! "

" An té ná beg cial igì beg cuíni igì," ersa Iúpiter leó.



## 9.—AN MAC AGUS A VÁHIR.

Ví an mac er sgoil agus ghuid shé leour ó sgláiri eli. Nuer a háini shé avàili agus an leour igì, is âuluig a vol an váhir a gníov a ví diànta igì. Ba gheár gur ghuid shé tuili; agus má ghuid, do vol shí nís feár é.

Fé mar a nearta shé san uísh do chrueg shé sa ghadycht, agus do hug shé a lán nihi ba ghuíri ná a chéli chun a váhar.

Fé gheri do rugag er agus do därag chun a chrochda é. Ví shé huas er a groih agus a tiàd fé n-a vuineál. Ví a váhir 'na sheasav ig bun na croihi agus í a gol.

D'iar shé er a locht cimeáta leoguint dò focal do louirt lé. Do leogag anáirdi í. Do chroum shé a cheaun chun a clueshi mar a vèach shé chun coguir a húirt dì. A n' inead son is âuluig a riug shé er chluesh erhi le n' iacaluiv. Do vuin shé an chluas ó'n geaun dì !

Do shgread a roiv láirhach le gráin er a lihéd de ghníov ig mac á ghiànav er a váhir agus é a dol chun báish.

" Sdaduig, a ghuíni maha," er shishan. " Cé is dó liv a hug chun na croihi sho mishi ? " er shishan. " Shin í ansòn í " er shishan. " Dá ngouch shí oram go mah le slait an lá a ghuideas a leour ní ghuiting a hili, agus ní veng ansò inish."

An Múini.

Tosàch an uilc ish é is usa do chosc.
" Nuer a chruan a tlat is deocuir í hnîov,"
" Ní víon a rah ach mar a míon a smacht."

## 10.—AN MADA RUA SA TOBAR.

Hit mada rua shys a dobar lá. Ví an tobar ró ghoying, agus na faly 'na hímpal ró hleâuin, agus do hep er teacht inís. B'é a ghíhal é fén a chimeád gan dol fé ishgi.

Hárla do vachtíri veh a gváil har a dobar. D'airi shé an rod a cory hís ins a tobar. D'iàch shé shys. "Ó! a Reinuird a chry 'shdig" er shishan, "cad d'imig ort, nú conas a chuesh ansòn shys! Ó! Ó! Ó! Mo hrua hu, ir vocht! Go dein fén agus go dearafa is oh ljum go muar a lihéd de vatalâungg do hitim amàch doit. Ó! go dein agus go dearafa is fada nár háinig én ní crosda oram is mó chuir do chahú oram ná tú ishgint 'na lihéd do chás."

Chô luah agus fuer a mada rua cä er ocal do louirt, do louir shé. "Is mah a rod trua veh agùt do ghuini, gan âuras, ach dá niàntá iaracht égin er mi harac amàch às an àit sho," er shishan, "ba ghó lium gur hairifí é ná a vuil do chayint agùt."

An Múini.

" Ní chohíd na brérhi na bráirhi."



## 11.—AN T-AHIR NÎ AGUS AN PORTÁN.

Do hárla portán agus ahir nî a n-éntís. Ví an portán macánta díreach 'na veon agus 'na chry. Níor vair shin don ahir nî. Ví shé 'na lúbuiri chaum chealagach. Níor haingh a lúbuireacht agus a camasdyl lesh a bortán. Hug shé côirli a leasa go minic do'n ahir nî, ach ní roiv än vah ghò aun. Ví an caum agus an chelig san ahir nî do raer dúchuish agus ní chuirhach a säl iachuiv er iad do chahav ueg. Fé gheri háinig agala er a bortán ruimish. Háinig droh âuras igì er, agus droh úntuív igì às. "Maireó shé mi íhi égin agus mi am chola!" er shishan. "Tá shé chô mah agùm tosach a veh agùm er," er shishan. Do vairiv shé an t-ahir nî an íhi shin.

Nuer a ví an t-ahir nî marav, do ví shé shínti amàch, chô díreach le riel, er an úrlár, agus gan cor ná lúb anún ná anaul aun.

D'iàch a portán er er feag tamuil. Fé gheri duert shé às a vachnav,—" Da mèach do veó chô díreach le d' varav ba hiedi do häl é."

An Múini.

An róguiri is cuimi dinean a bás fear díreach dè.
" Shachuin gleacy milish shleâuin."
Ná din coidireav le feaul nú diànfar a feaul ort.
" Is mairig a víon hís er a giàd veárnuin."

## 12.—AN SHALAGUIRI AGUS AN CLÚR.

Chueg shalaguiri amàch lá a shalaguireacht. Chnuic shé clúr er chraun. Chuir shé syd fé hruíng a vou. Do leog shé é fén er a leah-ghlúin chun an uruchuir do chahav. Díreach le líng é veh chun an uruchuir do chahav, agus a ghlúin a teacht chun tailiv, do chuir shé órdóg a choishi deshi er ahir nî a ví 'na ly sa viàr laishtiar dè. Do riug an t-ahir nî er háil er. Do lém shé suas gan an t-uruchar do chahav, agus do chueg a t-iàn sär.

Do ghluesh an niv ó iacal na péshdi tríd a sáil agus tríd a goish agus tríd a goluing er fad, agus ba gheár go roiv an duini a n-uacht váish.

"Á!" er shishan, "Háinig an t-olc tímpal. An bás a cheapas do'n iàn ish é is trúig váish dom fén."

### An Múini.

An té ghinean an t-olc is er a víon iarsma an uilc, 'shé sin, an peaca. Ní túishgi hugan an duini toil do'n feaca 'ná hatalan shé er ahir nî. Cuirean a peaca fiacal nî aun, agus goun an niv shin trí n-a chry agus trí n' anam.

Téan an t-iàn sär, âv. Ní héan a peaca har an té ghinean an t-olc. An té uiligean an t-olc ní víon än smól de'n feaca er.



## 13.—AN FEAR AGUS A CHLAUN VAC.

Ví fear aun, agus ví ainim airigid er, agus ví shé a dol chun báish. Ní edir éngi ghá chluíng cá roiv a t-airigead a volàch igì, agus ví agala orha go vaych shé bás gan an áit d'ínshint d'éngi agus go medísh a n-iàmuish an airigid. Trésh machnuiv agus côirli ghóiv, ish é cheapadar gur v'eár a iarhy ghè cá roiv shé a volàch. Níor hug shé freagara orha go ceaun avàd. Chuireadar an chesht chuigi irísh agus irísh eli. Fé gheri duert shé, "Tá shé curha truig guili a dalav, sa fáirc shin amùh." Níor iàdadar a hili óluish d'áil ueg. Fuer shé bás agus do cuireag é.

Shúd er lorag an airigid iadson. Do hep orha a ghiànav amàch sa fáirc áit ba ghóhí ná a chéli chun an airigid do veh aun. Ghineadar poul haul agus poul avùs, fé mar a cheapadar go m'édir go vayidísh é, ach ní vuaradar a huerishc.

Fé gheri hánadar a dosàch na páirci agus do rôradar hórsa an ili órlach dì, truig guili er doingeas. Ní vuaradar a t-airigid. Ní roiv shé aun chuigi. "Gad a ghiànham inìsh?" ersa duini acù. "Cuirimísh arúr sa fáirc," ersa duini eli, "agus bíoch rod égin aguìng de vár ár sähir." Do dineag son, agus an bara arúir a ví er a báirc shin sa vôr a ví chúing, do buineag é agus do bueleag é, agus cuireag dá ghíol é, agus do ghin

shé nís mó airigid 'ná mar cheapadar a ví a volàch ig á n-ahir ó hosach. Hugadar an särhú ciàna er ghá fáirc a góir na haifliana, agus ghineadar a ghá iread airigid, agus mair shin dóiv go dí go roudar neasbleách go mah.

An Múini.

Nuer a ver a dol chun báish fág agat'chluíng côirli a leasa agus fún na côirli shin do ghiànav orha. Is ávary ghóiv son ná airigead muar.

## 14.—AN T-ÉRI AGUS AN ARUIGI.

Ví éri ag éreacht a n-aici na faruigi lá breá sâuruig. Ví an t-uishgi go sâv agus a ghrian a tainghav anuas er. Ví lúngg tamal amàch er an uishgi, agus a shólta breáha geala erhi. Ví an t-éri a fiàchuint er an uisghi agus er a luíngg, agus é a machnav. Duert shé lesh fén às a vachnav: " Imeód," er shishan, " agus díolhad na cuíri sho agus ceanód rayint meala agus cuirhad er bórd luingi agus biàrhad lium anún tar faruigi í, agus díolhad í haul er a ghá iread agus chosanó shí ansò. Ansòn ish geár go meg airigead mo ghóhin agùm, iread agus ná bèach go deo agùm do vár na gärach so.' Do ghin shé mair shin. Ní roiv shé ach lá nú ghó er a varuigi nuer eirig sdoirim agus ví an lúngg a rachduiv a báiti.



Chun na luingi do chimeád er bár ishgi b'égean do'n uirean luingi gach a roiv d'ualach acù do chahav amàch fé'n boul. Do cahag an vil amàch a deaunta na cod' eli.

Háinig a lúngg sär. D'iúmpuig an t-éri irísh er an éreacht. Dob' ada go roiv triàd mah cärach irísh igì, ach do ráinig go roiv a giún eimshiri. Do hárla mar a giàna go roiv shé lá breá eli sâuruig ag éreacht a n-aici na faruigi.

Má ba vreá iàch shí an chiàd uer, ba ghá vreáha ná son iàch shí an tarna huer. D'iàch shé erhi go dlúh er feag tamuil. Ansòn do louir shé. " Tuigim hu ! " er shishan. " Tuili meala atá uet ! "

An Múini.

" Brenhig an ou sar a dér 'na cuilihi."

## 15.—AN MACHTÍRI A GROICEAN NA GÄRACH.

Chuir machtíri croicean cärach imì, agus d'imi shé imeàsc na gärach, agus víoch shé á marú agus á n-ihi a ganas. Fé gheri hug a t-éri fé neara é. Ní túishgi hug ná riug shé er, agus chuir shé tiàd fé n-a vuineál agus chroch shé à gég chruíng é.

Háinig na hérí eli agus chnucadar, dar leó, an chyra er crocha. "Aililiú ! " er shiad, "Cad dob áil leat a crocha na gärach ? "

" Ní cyra atá aun," er shishan. Agus do vuin shé croicean na cärach de cheaun a vachtíri. " Shin é aguìv é ! " er shishan. " An bihûnach ! "

An Múini.

" Na túir do vreh er a giàd shgiàl go merig an tarna shgiàl ort."

B'édir go mèach croicean cärach er rod agus nár chyra é 'na häv son.

Sar a duguir do vreh fiàch laishtìg de'n chroicean.

## 16.—AN MACHTÍRI AGUS AN T-UAN AGUS AN GOUR.

Háinig machtíri lá er ghour, agus uan á deol. " Tá dearûd ort a uenín," ersan machtíri. " Ní hé an gour son do váhir. Shin í haul í, fiàch, imeàsc na gärach."

" Ní eadar, a nôunach," ersan t-uan. " B'édir gur v'iúd í haul mo váhir, ach ní hí hóg mi. Ní hí chohig mi. Shid í ansò mo váhir do chimeád am beahig mi, agus is dì a leanhad inìsh."

An Múini.

Má ágan tú do leanav le hoiliûint ig duini iasachda ní veg agùt er baul ach leanav iasachda.



## 17.—AN LUCH TUAHA AGUS LUCH AN VAILI VUER.

Hug luch na tuaha cuiri chun fiàsda do luch a vaili vuer íhi. Ví shean ahini acù er a chéli. Chuir luch na tuaha as côir a charuid sóluishdí muara, dar lesh. Ví blúiri de vriosgóid igì a dineag do'n flúr ba víni agus ba ghili ; blúiri de heana-vagún ; gráingi mini coirci a ví go cûrha agus go dei-vlasda ; blúiri nó-cháishi ; agus smut d'úl gheas, aibig, vilish. Níor ih shé fén én fiuc de'n vie le hagala ná bèach a nóhin arän aun. Ach chun a leoguint er go roiv shé ag ihi d'ayimshi shé dias cruinhàchdan agus ví shé á piuca.

Ní roiv a luch na tuaha ach cábóigín. Duini uasal dob ea luch na caharach. Agus do louir shé. " Fiàch ! " er shishan, " a ghuini vuíntearha, ná tóg oram é má ghinim dánycht ort. Measuim gur muar go lér an díh céli ghoit veh a cahav do hél san áit sho, gan d'ionad côn uihi agùt ach pouilín cúngg uegineach, gan ad hímpal ach móinteáin agus cnuic agus sruháin, gan de chôluadar agùt ach veh ag éshdeacht le guh na n-iàn. Ba ghó lium gur v'eár tig breá muar sa chahir, mar a mefá ag éshdeacht le côrá uasal, agus mar a vicfá ueshleacht agus órnáid agus breáhacht a tael. Tiànam ort, a ghuini, láirhach boun ! M'ocal doit ná beg cahú 'na häv ort. Cad é an tairifi do ghuini a häl mara meg sult nú sásav nú ívneas égin igì às ! Ní fláir do

vert aguìng 'adaváil go vuil sdráici mah d'ár säl caiti aguìng. Táimíd ansò iniùv. Ní fis cá memíd amáireach. Bíoch pléshúr a tael aguìng an aid atá an chä aguìng er. Tiànam ort ! "

D'imíodar. D'iàlydar ishdeàch sa chahir le doirihacht na híhi. Ví ólas na shlí go mah ig luch na caharach. Chuadar ishdeàch a dig vuar vreá chumasach. Hárla go roiv díngéar muar agus cuideàchda uasal sa tig a dosàch na híhi. Ví bie brishdi er an úrlár, iread agus ná híossach fihi luch. Do cuireag an luch tuaha er lár an úrláir, er vrat úrláir gur ghó le duini gur vuar an peaca sheashav er. Do cuireag as a chộir sóluishdí nár hóluishdí go dí iad, bie uasal buacach nár vlaish shé a lihéd ryav, agus nách lú ná veas shé go roiv a lihéd diànta. Ish é a ví er a hásdacht. " Nách trua," er shishan an' aigini fén, " ná tánag ansò fadó ! "

Is er égin a ví an machnav son diànta igì nuer a hosgalag a doras agus háinig duíni ishdeàch. Do shgiúrd na luchuig anún 's anaul fé'n driusgán. Ví a n-éneacht lesh na duíni piarda de ghayr vuar víchysach,maishdín grána colagach agus é a lémirig er fued an úrláir agus go grihidísh faly an tí le gach alavúirh do ghlaum dá guireach shé às. Ví an luch bocht iasachda a deaunta. Do sdadach a anál, agus ba veog ná go diteach an t-anam às, a nayig gach ulhirti dá guireach a gayr muar às.

A giún tamuil d'imig na duíni amàch agus d'imig a gayr muar a n-éneacht leó, agus do dúnag a doras.



Ansòn do louir luch na tuaha le n-a charuid "Má'sh é sho säl atá agùt-sa ansò," er shishan, " ní beog lium-sa ghè ! " D'iàla shé amàch agus d'iàla shé avàili, agus ba vah an té iàtach é veala a dreo na caharach irísh. Nuer a vuelidísh na luchuig a ví sa chôrsanacht imì ó aum go haum agus nuer iarhidísh dè cad é an says áiti an baili muar, ní iàduidísh 'áil às chuíhi ach—" Ní cahir mar a huerishc é ! "

## An Múini.

Shachuin är a tael. Shachuin an ueshleacht nár hahísh. " Ní cahir mar a tuerishc í."

" Is buan fear 'na ghúhig."

## 18.—AN IULAR AGUS AN MADA RUA.

Ví fiular a sláhar dá hál maidean. Do chnuic shí ig bruach plueshi, á ghriana fén, cuileán a vada rueg. Do húirlic shí er agus do shgiub shí chun shúil é 'na ghá crov. Chnuic máhir a chuileáin í ag imeàcht agus a cuileán icì. " Ó ! " er shishi, " er ghrá h'oinig, a iàn uasal, ná bér uem mo chuileán breá beahihi rua agus gan agùm ach é ! " Níor hug an iular än tora erhi. Ví duíni a gónggar na háiti agus altóir diànta acù, agus ví tini acù er an altóir chun íbirti. D'imig a mada rua agus do shgiub shí do'n altóir smailín aymuid agus é er lasa, agus shúd anùn í go dí an craun dary

'na roiv nead an iuluir huas aun. Ví cruingiú muar do ghuiliúr óchda agus do vrosna agus do chipíneach ig bun a chruíng. Nuer a chnuic an iular a mada rua a teacht agus a tini icì, háinig sgâura erhi sar a loishgfí a nead agus a hál. "Ó! sdad, sdad," er shishi. "Gheoir do chuileán." Hug shí lé anuas an cuileán láirhach agus chuir shí uehi é slán fuláin, ig bruach na plueshi, mar a vuer shí é.

An Múini.

Ná din an iàgóir. Dá huary é an té go niànhir an iàgóir agus an lâv-láidir er, be shé suas leat er chuma égin, luah nú maul agus ní tu is feár a hucuig às.

## 19.—AN FROG AGUS AN LUCH.

Ví imirisán muar tráh idir a vrog agus a luch, fiàchuint ceoca go mèach a túrtóg igì. Ví an frog ró láidir do'n luihín agus is minic a hagach shé erhi de lém agus go dugach shé folahachda ghì. Ach ví an luihín glic aicilí, agus is minic a hagach shí laishtiar do'n vrog agus ná hairíoch shé í go muineach shí droh viutóg às, a chuireach a shgreaduig é.

Fé gheri cheapadar lá chun a shgél do hroid amàch er ghaluiv änuir.

Háinig an dá ghaishgíoch er a láhir caha agus



ish é aram a ví ig gach gaishgíoch acù ná brov mah láidir luachra agus bior er. Do hroideadar go calama cróga er feag tamuil agus ba vah chuigi iad. Ach le méd a vuah dá chéli agus le méd a ngú do'n chôrac níor hugadar fé neara an shouc. Ach do chnuic sheshan iadson. Do hleâuna shé anuas orha agus do sguab chún shúil iad, an luch a grov lesh agus a frog sa chrov eli.

An Múini.

Coga carad cä nâud.

"Ní víon a rah ach mar a míon a smacht." An chiàd smacht ná a chéli smacht er ghuini fén. An vuíntir ná cuirhig smacht er a miosguish fén, ní ved chuíhi ach a bryn agus a claumpar agus a troid, ag ihi a chéli agus a sdola a chéli, agus na côrsuin a maga fúha, go dí fé gheri go dagan a nâuid vunuig agus go guirean shé a valuirt de chúram orha.

Is usa do ghuini é fén á smachdú fén 'na a nâuid á smachdú.

## 20.—AN DÁ ROG.

Ví ghá rog 'na gôny a lochán er feag avàd. Háinig sâura trim agus hriumuig a lochán agus b'égean do'n vert glueshacht er lorag inid cônuihi. Hánadar go dí tobar. Ví shé doying ach ví ishgi breá onuar hís aun.

" Lémimísh shys," ersa frog díov. " Táim am losga le tart."

" Sdad," ersan frog eli. " Dá memísh hís agus go ráineóch a tobar so do ghol a níshc fé mar chueg ár lochán, conas hucimísh inís ? "

An Múini.

" Brenhig an ou sar a dér 'na cuilihi."

Ná heirig ishdeàch go meg is agùt conas a hucuir amàch, le hagala go vanfá ishdìg.

## 21.—AN LEÓN, AN BEHIR, IS AN MADA RUA.

Do vairiv fiagy elit óg. Háinig león agus behir i n-éneacht er an elit agus do heh an fiagy. Cheap an león an eóil do veh igì. Cheap an behir í veh igì fén. D'iúmpydar er a chéli agus hroideadar go fíochvar. Hroideadar go roudar tnáiti. A neri an chaha, víodar shínti agus gan unta cory agus an elit varav atarha. Ansòn do háinig an mada rua agus d' árda shé lesh an eóil as côir a súl agus gan unta iread agus drauntú chuigi.

" Is trua nár roingeamuir an eóil ! " er shiad.

An Múini.

" Díng de'n liován a sgoilean í fén.'

" Lâv-láidir agus lâv-láidir eli :—atarha fén is feár é."

" Nuer hroidid na fahig is ry an t-ouc."



## 22.—GEALÛNA AN IR VREOITI.

Ví fear aun agus ví shé er a leabuig agus täm troum breoiteachda er. Gheaul shé d' Apollo agus d'Aesculapius go niànhach shé íbirt míli dav chúha ach é leis. Ví a vean ag éshdeacht lesh. "A ghuini a chry 'shdig," er shishi, " cá vayfása míli dav le híbirt ! " " Ésht do viàl, a vean gan chial," er shishan. " An âuluig a veasan tú ná fuil än chúram eli er ghéhiv ach veh a teacht ag éleav fiach er mo lihédshi do vochdán ! "

Do leishag é, âv. Nuer a ví a hláinti igì d'imi shé agus d'ayimshi shé royint márla by, agus do liuch shé é, agus ghin shé mairtäl dè. Ansòn do chúm shé as a mairtäl míli dav beog deas brégi. Do hriuma shé iad agus do ghlan shé iad agus chuir shé er altóir iad agus d'íbir shé iad chun na néhi úd.

Níor v'ada gur ghíol an fear bocht às a gleas son. Dineag tayireav dò. Do tisbeánag dò go roiv próca óir a volàch er bruach na faruigi a n-a lihéd shúd de chúingi, agus do tisbeánag an chúingi ghò. D'imi shé san íhi a lorag an óir. An aid a ví shé a tuídi er an ór, háinig fôuruig ishdeàch ó'n varuigi agus do riugadar er agus chuireadar er bórd na luingi é, á vreh leo. Do gheaul shé láirhach deh míli púnt dóiv ach é leoguint uaha. Gháireadar. " Dá ngeaulhá biogán," er shiad, " b'édir go gredfí hu."

Do riugadar leó é agus ghíoladar é 'na sglávach.

An Múini.

Tá duíni aun agus nuer a víon tengeas nú triubalóid orha ba ghó leat orha go dúrhidís a säl muar do Ghie na glóiri, mola go deo lesh! Ansòn, nuer casdar sláinti orha agus víon a säl er a doil acù, níor ghó leat orha én Die veh inéachor aun. Is olc an chríh a verean a lihédí, âv. Is a nieg an toivirish a víd go dí go dagan an fôurach, 'shé shin an t-áirshóir, orha, agus go merean shé chun shúil lesh iad.

## 23.—AN CAPAL AGUS AN T-ASAL.

Ví capal uasal uevireach óg, agus eri caha er, agus é a glueshacht fé ghén a chaha. Ví ialuit ghreanta er agus srian vreá go roiv biàlvach airigid inti. Ví shé óg láidir cuhig. Ví gal às a hróin agus ví cúr geal le n-a chorán. Do hárla, ruimish amàch a gváil a bóhar ciàna, asal bocht agus é tuirshàch agus ualach troum er.

" Fág a tlí uem nú geód de chosuiv unut, a rod gan vah ! " ersan capal, agus ba vorab é a ghlór.

Do ghrid a t-asal a leatuív agus do ghluesh a capal coguig hairish amàch er cos anáirdi, agus tini chreasa igì dá vuint às na clochuiv.

Chue shé sa chah. Níor maryg aun é, ach do buineag an túil às. Nuer a ví shé er leah-húil



ní roiv a hili mahasa aun chun coguig. Do díolag le tíncér é. Níor cuireag an ialuit ghreanta ná an trian vreá a hili er. Do cuireag er chapal égin eli iad. Do chuir an tíncér sheana hrahar ada er, agus chuir shé sheana cheaunrach cnáibi er, agus níor hug shé leah a ghóhana le n' ihi ghò. Ba gheár go roiv an mórtas agus an vuaráil agus an vuarchúsh agus an tisbàch buinti a geart dè. Ba gheár go roiv muíngg ghiubałach er, agus glúini brishdi igì, agus cromán árd agus asna loum agus muineál sgrogàch. Ví shé fiona-chas félhach, trochuilti, agus ereabal sgáinti er.

Sa riucht son dò, ví shé a dol er änach agus ualach giúirlédi er, agus do vuel a t-asal ciàna úd imì.

" Shea ! " ersan t-asal, " an tusa son ? Ní dó lium gur bäl d'éngi go ngeoir de chosuiv aun iniùv, marab ionan agus an lá úd ! "

An Múini.

" Is mairig a louran go teaun."

Is olc é an t-eiri anáirdi. Nuer víon shé suas ní víon uruim dò. Nuer víon shé shys ní víon trua ghò. Chnách er é !

" Go rég ! a vean na drí mó."

## 24.—AN CROMÁN AGUS NA CLÚRA.

Cromán a ví er feag a vad ag imeàcht anún 's anaul agus muarhímpal san är as ciún tí na glúr, agus cé gur vinic a ví fou sauntach igì á húirt fé cheaun acù, víodar ró-chlishdi ghò, agus do hep er breh er én cheaun acù.

Fé gheri do chuíni shé er heft. Háini shé agus do louir shé leo.

" A chlúra," er shishan, " is agal lium go vuil droh úntuív égin aguìv àsamsa. Má 's fíor é is muar an dearûd atá oruiv. Níl uemshi ach an tairifi is mó iàtuing do ghiànav dív. Níl am buint de'n täl ach gan cimeád agus cosnav feimiûil do veh er chóir agus er cheart úr shínshar aguìv. Dá m'áil liv ry ghiànav díomsa agus mi ghlaca 'núr measc, níor ghá ghív chuíhi agala nâud ishdìg ná amùh do veh oruiv. Dá díoch fiular nú shouc, fälchù nú mada rua, áracht ér nú olafiast talún, a cur ishdeàch oruiv, mishi do hroiteach iad, agus d'imireóch bás le gob agus le hinginiv orha, nú húrhach a lihéd shin de shgíli agus d'anuihi ghóiv, á ruaga agus á níbirt, nár väl go vílhidísh.

Higeadar na clúra gur vreá go lér a shgiàl dóiv ry do'n tórd son do veh as a giún, agus gur acù vèach a säl sâv fé n-a chumas agus fé n-a chosnav agus er a sgáh.

Ghlacadar 'na rí as a giún é. B'égean dò a



ghearavú go daingean go mèach shé 'n-a rí chóir chorham orha, agus ghearavydar-son veh dílish dúrhachdach do-son.

Ba gheár go veacadar ní a chuir úna orha. As a góir amàch gan blúiri úna 'na häv er, do riug shé er chlúr acù, agus do vairiv, agus d'ih ! D'iàch-adar er a chéli, agus d'iàchadar ershon. Níor chuir shé suím er bih unta. Er baul duert shé go neahuerimeach, ná roiv aun ach a ghualgas ry ghò, clúr do varú inìsh agus irísh nuer a vèach mian feóla er. Chuir shé 'na ly er a chluíng gur hroish a dualgas ciàna iadson. Ansòn ish ea higeadar na clúra gur ghineadar dearûd. Ach ví shé fuar acù veh á hishgint an uer shin. Níor higeadar a n-aum é.

An Múini.

Ná glac duini chuíhi er a huerishc fén.
" Ní haihantas go héntís."

## 25.—IÚPITER AGUS AN VEACH.

Hug beach tourhas do Iúpiter, 'shé shin royint meala 'na criahar. Ví shé chô bäch son dì go nuert shé lé a rou aishgi d'iaruig er, agus go roiv shé le fáil icì. D'iar shí er, an té go guirhach shí cealag aun, go ma hrúig váish dò é. Ba gheocuir lesh shin an aishgi shin do húirt do féshdín chô miosguishach, gan cosc égin do chur lé aun.

" Tá do vian agùt," er shishan, " ach shachuin ! Be shé 'na hrúig váish agùt fén lesh, mar fácuir an chealag".

An Múini.

Is olc í an viosguish. Er nós na celigi agus na behi, is pian í do'n té er a n-imeartar í agus is bás í do'n té imirean í ; 'shé shin bás an feaca vairiv.

" Tíon an vriàg tímpal." Filean an vailísh sa chúl erhi fén.

An aid a chruingíon a veach mil bíon a rah erhi. Ní túishgi humáinean shí an chealag ná tá deri lé.

## 26.—AN GHRÁINGEÓG AGUS NA HAIHIR-EACHA NÎ.

Háinig a ghráingeóg go doras plueshi na n-aihireach nî íhi haca, agus d'iar shí veh ishdìg orha. Do leogadar ishdeàch í, ó ví an íhi chô fuar. Hocara shí í fén er lár an úrláir agus ghin shí liarhóid dì fén, agus hín shí na deligini amàch muar-hímpal erhi fén, a dreó ná fiàtach éngi dol 'na guiri. Ní iàdach ahir nî gváil háirshi, shys ná suas, ná priuctí é.

" Fiàch ! " er shiad ' Tá an fluesh sho beog ar nóhin aguìng fén. Ní flàir doitshi veh ag imeàcht."

" Ambàsa " er shishi, " an té lesh gur cúngg fágach ! Níl än locht agùmsa er an áit sho."



An Múini.

" Ní haihantas go héntís."

Cheap na haihireacha nî ná bèach än vac orha an ghráingeóg do chur amàch pé uer ba vah leo é, nú fiacal nî do chur inti. Níor chuíníodar ryav er na deliginiv.

## 27.—AN SHEANA FOC AGUS AN LÄ.

Do ví sheana foc aun agus ví shé amàch a mlianta na tuishgeana go mah, ach ba " a dol a n-uísh a dol a n-olcas " dò. Fé gheri ví shé úmpuihi amàch chô goirigeach son ná fiàtach shé sdad gan veh coitianta a sbriúcha agus ag ayrcáil agus a búirhig, a dreo go roiv an triàd go lér cráiti ciapuihi igì. Ví lä óg a fiàchuint er lá agus ag éshdeacht lesh. Do ghin shí er suas agus do louir shí lesh. " Fiàch ! " er shishi, " a lihéd sho. Táirshi ana láidir, ana vuacach er fad. Táir teasy, nîneach, fíochvar, fearagach. Bíon sgâura oruing go lér rót. Ach ní túishgi chloishdear glaum gayr nú gém eirci ná shúd er tehi hu an aid a víon shé ad chosuiv."

" A nín ó," er shishan, " is fíor do chayint, agus níl am bili ach nách fédir lium fén an ní shin do hishgint. Tá neart agus mishneàch unum, agus is minic a cheapuim am aigini eig do húirt er an giàd hóir eli agus idir ghayir agus duíni do varú. Measuim an uer shin go maireóing a vuil de ghayruiv a n-Éring, bíon a lihéd shin do chrógacht

agus do vishneàch cry unum. Ach nuer a hagan an tóir ní anan a chuíni shin agùm. Glueshid mo chosa uaha fén, ba ghó leat, agus sguabuid shiad chun shúil mi, a dreo go míon úna oram cá dagan an fuingeav go lér unta."

An Múini.

" Is treshi dúchas ná iliûint."
" Brishan an dúchas trí húiliv a chait."
" An aid a vairhir fén ish ea vairhig do viàs."
" Mar a vairish ryav ish ea vairfá chuíhi
Ó húsh a chluihi go deri na shgríbi."
(An Peacàch agus an Bás.)

## 28.—AN LEÓN AGUS AN MACHTÍRI AGUS AN MADA RUA.

Ví an león a dol a n-uísh, agus ví shé gan veh er fónav. Háinig na behíg go lér go hûl á iàchuint, ach aváin a mada rua.

" Ní eadar cad tá a cimeád a vada rueg," ersan león.

" Tá 's agùmsa cad tá á chimeád," ersan machtíri. " Ceapan shé nách bäl dò feasda hu, agus ní iàtach shé gan a ghroh-úmpar do hisbeáint."

Ví an mada rua amùh ag éshdeacht lesh a gayint. Do freab shé ishdeàch láirhach. " A rí onóruig ! " er shishan, " goiv mo leashgiàl ! Veng ansò



fadó ryav ach tá an dúhig shúlta agùm a lorag leish dot' onóir, agus tá an leis agùm le toil t'onóra."

" Is mah é shin ! Is mah é shin ! " ersan león. " Cad é an leis é ? Inish é. Inish é."

" Tá," ersan mada rua, " an croicean do vuint beo de vachtíri agus é ili teh er do cheaun."

Ví an machtíri ag éshdeacht lesh. Do rugag er agus buineag a croiçean dè beo.

An Múini.

" Díng de'n liován a sgoilean í fén."

## 29.—AN MADA RUA AGUS AN MACHTÍRI.

Vailig machtíri sdór muar a bluesh, agus ansòn cheap shé fanûint sa fluesh er a hásdacht an aid a leanhach an lón. D'airig a mada rua an shgiàl. Háini shé chun na plueshi. Ví an doras dúnta. Ghlaeg shé. " O ! imig leat fén " ersan machtíri. " Táim gan veh er fónav."

" Tuigim ! " ersan mada rua. " Dohal atá er. Ach bèadsa suas lesh."

D'imi shé agus do shgég shé er a machtíri. D'inish shé do'n éri go roiv droh-vehíoch égin sa fluesh. Háinig a t-éri agus píci igì agus vairiv shé an machtíri.

Ansòn do chueg a mada rua chun cônuihi

sa fluesh, agus ví sláhar a vachtíri igì, agus ví shé er a hásdacht.

Ní ró-ada a ví. Ba gheár gur háinig a t-éri ciàna chun na plueshi irísh, fiàchuint a roiv än vachtíri eli aun. D'iàch shé ishdeàch. Chnuic shé an rod beo ishdìg, agus ní túishgi chnuic ná háig shé an píci aun, agus do vairiv shé an mada rua. Shin mar imig er a mada rua de vár a ghliucuish.

An Múini.

Filean a feaul er a vealuiri.

## 30.—NA GIORUIHI AGUS NA FROGANA AGUS AN GHÄH.

Háinig gäh vuar agus ví shí a lúba na graun, agus háinig a lihéd shin d'anuihi er na gioruihiv gur cheapadar imeàcht às a säl er fad, mar ná fiàtuidísh an t-érleach d'ulag. Ghlueshadar chun shúil. Hánadar go bruach locha agus víodar chun iad fén do vá. D'airíodar an foharam san uishgi. Cad a vèach aun ach sguenhi frogana, agus iad a tehi le na n-anam a dol fé ishgi sa loch.

Ví sheana ghiorä tuishgeanach er na gioruihiv. " Sdaduig, a ghioruihi ! " er shishan. " Ní haguìng-na aváin atá an säl go holc. Má's fiú ghóiv shúd a n-anam do vreh sär leo fé ishgi, ba chóir gur viú ghúing-na airi húirt dúing fén er a dalav



drim. Dá olcas atá an shgiàl aguìng inìsh, b'édir mara viàchuimísh róing go mèach a shgiàl nís measa aguìng."

An Múini.

" Is mairig a báitear a n-aum an anuihi ;
'S go dagan an ghrian a nie na fearhana."

## 31.—BEAN NA CIRCI.

Ví bean aun agus ví cearc icì, agus vereach an chearc uv a nay 'n lä. Cheap an vean vocht dá dugach shí bresh le n' ihi don girc go miàrhach an chearc ghá uv a nay 'n lä. Chô mah do hug. Ish é rod a ghin a chearc, âv, ná dol a ruíri agus sdad de vreh.

An Múini.

" Níor veasa do ghuini rod a ghiànhach díováil dò ná rod fónta. Sáryn an tayint í fén.

Tá duíni agus ní fláir leo gach än rod do chur a veous. Má tá rod chô mah agus is fédir dò veh, ní fláir dò dol a n-olcas le haharú. Ish é a vuac gan buint lesh.

## 32.—AN ÁINLI AGUS NA HÉN ELI.

Ví ros lín ig fear dá chur a báirc. Chnuic an áinli é. D'imi shí agus vaili shí na hén eli. " Fiàch," er shishi leo, " tá shé shúd a cur roish. Is às a ros son d' ásan an líon dá nintear na líonta le n-a mertear er iànuiv. Tiànuíg liumsa láirhach agus piucuimísh a ros às an ihir sar a meg uen igì er friàvú. Ansòn ní veg a líon aun agus ní fiàdfar na líonta do ghiànav ná iad do chur róing chun ár maruihi."

Níor chuireadar suím inti. Níor piucag a ros agus do friàvuig shé agus háinig a líon as ciún tailiv.

Vailig an áinli na hén irísh.

" Fiàch," er shishi, " tá shé as ciún tailiv. Ach níl shé ró ghiànach fós aguìng. Témísh agus sdahimísh às a dalav é sar a neartuí shé."

Níor chuireadar än tuím inti, agus d'ás a líon go roiv shé 'na loiriginiv árda.

" Témísh," er shishi irísh leo, " agus buinimísh a ceann dè agus loitig son inìsh fén é." Níor ghineadar ach veh a maga fúhi agus a gläch " áinli an easa " erhi.

Nuer chnuic shí ná glacuidísh côirli a leasa uehi ish é rod a ghin shí ná imeàcht uaha er fad. Ó hin alèh shiànan an áinli na cuílti agus na crächa agus dinean shí a nead fé ghíonuiv agus fé hlíngiv agus fé shgiviàluiv na deach, a n-áit nách bäl dì líonta.



An Múini.

" Is usa an t-olc do chosc a n-aum ná é leis a n-auntráh."

" Ní hé lá na guíhi lá na sgolab."

" Ní hé aum na cneady aum na hairhí."

" Is fear fiàchuint ruim ghuini ná ghá iàchuint 'na ghieg."

" An té ná diànhig a leas, shachuin é, nú ní ghiànhirshi do leas."

## 33.—AN SHGÍHÁN LEAHIR AGUS AN EAS.

Do riug eas er shgíhán leahir. " Ó! ná mairiv mi! Iaruim er ghrá h'oinig é, túir fäshav dom!" ersan shgíhán leahir.

" Ní huguim dol às d'iànuiv," ersan eas.

" Sdó ní hiàn mishi. Fiàch, is luch mi," ersan shgíhán leahir.

D'iàch an eas er. " Is dó lium go vuil an ceart agùt," er shishi, agus do sguíl shí uehi é.

Tamal 'na ghie son do riug eas eli er. " Ó!" er shishan irísh, " ná mairiv mi! Iaruim er ghrá h'oinig é, túir fäshav dom."

" Ní huguim dol às do luchuiv," ersan eas.

" Sdó, ní luch mishi," er shishan. " Fiàch! shin iad mo ghá shgíhán. Is iàn mi."

" Ní derim ná go vuil an ceart agùt," ersan eas, agus do sguíl shí uehi é.

An Múini.

Is mah a rod do ghuini ghá hruíngg do veh er a vou igì, ach gan feaul do ghiànav er éngi leo.

## 34.—AN PRÍOCHÁN AGUS AN CHYRA.

Ví príochán lá er ghroum cärach agus é a cayint go blaymanach agus go droh-vúinti.

" Dá ma gayr a vèach am ineadsa," ersan chyra, " ní vèach iread son buingi fútsa."

" An âuluig is dó leat ná tuigimshi fén an méd shin, a chuilèach ! " er shishan. " Dinim cayint agus blayman agus droh-vúini nuer a leogtar dom é, ach nuer ná leogtar bím ciúin go leor."

An Múini.

Is breá í an oyingi, ach is mairig a leocach d'éngi gváil do chosuiv aun.

" Nuer a buelfar er leacuin tu úmpuig a leaca eli." Duert Shé mair shin é, gan âuras. Ach duert Shé rod eli an' aici shin. " Má chailean a salan a vlas caitear san uíleach é agus goutar de chosuiv aun."

Ní hionan foyingi agus sbadántacht.

Ní uasal ish ea an oyingi, ach níl a sbadántacht ach salan gan vlas go ngoutar de chosuiv aun.



## 35.—AN SHEANDUINI AGUS AN BÁS.

Ví sheanduini cas cauncarach amùh lá er a gnuc agus birtín brosnuig bailihi igì. Ví an t-ualach er a vuin igì agus é a teacht avàili, agus gach cishcém dá dugach shé víoch shé a sbídiúchán er an ualach mar gheaul er veh chô troum.

D'airig an ghäh é agus cheap shí go mèach sbórt icì er. Ghrid shí chuigi suas agus vuin shí únhirt às. " Ó ! greada chút mar ghäh ! " er shishan. " Ní hâuluig a húrfá cûnav dom." Háini shí laishtiar dè, mar ghea a túirt cûnta ghò, agus do héd shí amàch é a dreo go m'égean dò ruih trí lochán ishgi, agus gur fliuchag go glúiniv é agus gur ghóbuir go leagtí é. Ní " greada chút mar ghäh," a duert shé ansòn, ach rod ba veasa go muar ná é. Do sguíl shí lesh go ceaun tamuil vig, go dí go roiv shé a gváil trí veárna druíbi. Ansòn do sguab shí muar-hímpal er agus hug shí cor coishi ghò agus do leag shí é fén agus a t-ualach sa druíb agus chuir shí an cnuc amàch dì. D'eiri shé agus chroum shé er ghol. Ví cluih druíbi ó vulàch talav er, an fear bocht !

" B'eár lium veh marav ! " er shishan, " ná veh a sdraca lesh a säl so nísh shie ! B'eár lium go diucach a bás oram an neomat so ! "

Le n-a líng shin vohi shé an rod laishtiar dè. D'iàch shé har a ghualuing. Cé vèach 'na hasav aun ach a bás. D'eirig a ghrueg er a cheaun le sgâura. Do sdad a sbídiúchán.

" Ghlaesh oram," ersan bás. " Cad tá uet ? "

" Ó ! níl faic, a ghuini uasal," er shishan, " ach go n-ardófá an veart vrosnuig sho oram."

D'árduig a bás an veart er agus do sgaradar.

Háinig a sheanduini availi agus gealuim 'oit nár airi shé fuacht ná fliuchara ná gäh an chuid eli de'n tlí.

An Múini.

Nuer a der duini gur v'eár lesh bás d'áil ná veh a sdraca lesh a säl, ná cred é.

## 36.—AN CORCÁN AGUS AN CRÚSGA.

Ví corcán agus crúsga er bruach oun. Háinig a tuili agus do riug shí chun shúil iad arän. " Ó ! " ersan crúsga, " Cad a ghiànhad ! Buelfar a guingiv na gloch mi agus brishfar mi ! "

" Ná bíoch cesht ort," ersan corcán, " níl bäl ort. Túrhadsa airi ghoit."

" Ó ! fan uem amàch ! " ersan crúsga. " Is measa ghom tusa chúm ná na clocha fén. Má bueltear a guingiv a chéli shing, is mishi do brishfar agus níl än väl ortsa. Fan uem amàch a derim leat ! "

An Múini.

Má's crúsga hu shachuin a corcán.

Pé 'cu crúsga nú corcán tu shachuin a dro hangavály.

Ná din caradas marab é do leas é.



## 37.—AN TAYINT AGUS AN FORAMAD.

Ví an fear sâuntach agus fear an oramuid lá a diànav íbirti chun Iúpiter. Níor v'áil le Iúpiter veh á voura fén leo, agus chuir shé Apollo a trial orha chun pé achuiní a ví uaha do húirt dóiv do raer chirt.

Háinig Apollo. " Shea ! " er shishan, " tá 's agùm go vuil grá muar aguìv dá chéli ; má's fíor briàg. Inìsh an t-aun aguìv chun é hisbeáint. Pé rod iarhig duini aguìv, gheoig a fear eli er a ghúbuilt é."

Do sdadadar. Ví fear na sayinti glic. Cheap shé go leocach shé do'n ear eli louirt agus achuiní d'iaruig a dreo go vaych shé fén an achuiní shin er a ghúbuilt. Ach ní roiv is igì cad a vuin le foramad, dá véd gliucas a ví aun.

Do louir fear an oramuid. Ní roiv ueg ach an chä. " Curtar mishi er leahúil," er shishan. Le n-a líng shin do buineag an dá húil à fear na sayinti.

Tá foramad is measa ná súd aun, 'shé shin an foramad a vuinhach an dá húil às fén chun än túil awáin do vuint à duini eli.

An Múini.

An té ghiànhig díováil dá chôrsuin le corp drohaigini diànha shé díováil is mó ná é ghò fén, 'shé shin díováil anama.

## 38.—FUAR AGUS TEH.

Ví fear ag imeàcht trí chuíl. Lá fuar dob ea é. Ví fuacht agus ocaras er a vear. Do vuel duini fiàin imi. Háinig trua ig an duini fiàin dò. Do riug shé lesh ishdeàch 'na fluesh fén é. Ví an fuacht a cur er a vear chô muar son go roiv a véreana le n-a viàl igì agus é á shédi.

" Çad chuigi go shédean tú do véreana ? " ersan duini fiàin.

" Chun iad do hé," ersan fear.

Er baul do hug an duini fiàin bie ghò. Ví an bie ró heh agus ví an fear á hédi.

" Cad chuigi go shédean tú an bie ? " ersan duini fiàin.

" Chun é uara," ersan fear.

" Shédean tú rod chun é hé agus shédean tú rod chun é uara ! " ersan duini fiàin. " Imig às so ! " er shishan. " Ní hainghan fear lium a hédean fuar agus teh," agus humáin shé ueg amàch é.

### An Múini.

" Shachuin teanga lium, leo."

## 39.—AN CAT AGUS AN T-ÓIG-EAR.

Háinig grá ig cat d'óig-ear. D'iar an caitín er Vénus í chur a riucht mná óigi. Do chuir, agus do pósag í fén agus a t-óig-ear.



Ansòn dob áil le Vénus a ghiànav amàch ar aharuig aigini an chait fé mar aharuig a gné.

Ví an lánû a cahav a goda lá a vochuir a chéli. Chuir Vénus luch er an úrlár. Chnuic a vean a luch. Ní túishgi a chnuic ná do lém shí ó'n mórd. Do leagag a bórd agus do brishag na miasa, ach do rugag er a luih.

" Eirím asat ! " ersa Vénus. " Ní ghiànhach Éri ghíot ach cat ! " Agus chuir shí 'na riucht fén irísh í. " Is mah atá sgarha agùtsa lé," ersa Vénus lesh a vear.

### An Múini.

" Brishan a dúchas trí húiliv a chait."

Shachuinshi, a viceó, agus ná pós cat a riucht mná óigi, dá vreáhacht í, nú buin a chluas díom go leagfar a bórd agus go mrishfar na miasa lá égin.

## 40.—AN T-ÚCUIRI AGUS AN GUALADÓIR.

" Tar," ersan gualadóir lesh an úcuiri, " agus dinimísh éntís. Níl aun ach bert aguìng, agus diánhig én tig aváin ár ngnó."

" Ambàsa," ersan t-úcuiri, " ní ghiànhach son an veart go deó."

" Canahäv ? " ersan gualadóir.

" Sdó," ersan t-úcuiri, " ni túishgi vèach rod glan agùmsa ná vèach shé slach agùtsa."

An Múini.

“ Shachuin an dro-hangavály.”

## 41.—AN GAYR AGUS AN MACHTÍRI.

Ví gayr a válcaereacht dò fén íhi vreá sbérghealy. Do casag machtíri er. Ví an gayr go cohihi láidir shleâuin. Ví an machtíri go cäl agus go loum agus go hocarach.

“ Is muar an iúna lium,” ersan machtíri, “ tusa chô beahihi agus mishi chô loum. Is treshi agus is feár chun fieg mi ná hu, agus fiàch, is feár a chohyn tusa hu fén ná mar iàduimshi mi hén do chohú. Conas a ghinean tú é ? ”

“ Níl bac ortsa hu fén do chohú chô mah agus a chohímshi mi hén ach go niànhir an gnó a ghinim,” ersan gayr.

“ Cad é an gnóha é ? ” ersan machtíri. “ Ní gheauryn shé gur gnó ró chrueg é. Ní iàchan tú mar iàchach gayr a vèach marav ó obuir.”

“ Neóssadsa ghoit cad é an gnó é,” ersan gayr. “ Bíon oram an tig d'airi asduíhi agus na bihûnuig do ghíbirt.”

“ A míon a hili ? ” ersan machtíri.

Ní víon a hili,” ersan gayr,” agus rod is feár ná son, níl än ghnó is feár a hainghan lium ná é.”

“ Anday,” ersan machtíri, “ is breá bog a hilean tú do veaha, agus mishi a sguabai na gnuc er feag



cheri n-ueri fihid, bédir, go minic, sar a vayim lán mo vél de vie.”

“ Níl éngi á iaruig ort,” ersan gayr.

“ Ar vishdi ghom dol a n-éneacht leatsa inìsh,” ersan machtíri “ agus diànhad an obuir a ghinean tusa ? ”

“ Tiànam ort,” ersan gayr.

Ví an vert a sodar le cosh a chéli, a diànav er a dig 'nar vuin a gayr lesh. Fiàchuint dá dug a machtíri er vuineál a ghayir chnuic shé rod égin.

“ Cad é an ryan é shin a chím er do vuineál ? ” er shishan lesh a ngayr.

“ Ach ! ní fiú breán is é shin,” ersan gayr. “ Níl ansòn ach ryan a tloura a víon oram a gahav a lä. Gayr droh-viotalach ish ea mi, agus caitear mi cheangal a gahav a lä le hagala dá digeach än chôrsa ishdeàch go miàrhing er.”

“ Agus a míon sloura er do vuineál a gahav a lä ? ” ersan machtíri agus úna er.

“ Bíon,” ersan gayr, “ ach nuer a vèach taihí agùt er, ní chuirfá suím er bih aun.”

“ Ambàsa, a viceó,” ersan machtíri, “ do chuirhingshi suím aun. Dá geanguiltí mair shin mi do vrishing an ceangal nú do hachtuing mi fén. Níor cuireag än cheangal ryav oram, agus ní curfar chuíhi. Is feár lium mo chohú fén dá olcas é agus cead mo chos trí chnucuiv agus trí chuíltiv, ná do chohúsa dá ous é, agus do hloura. Go dér slán ! ” Do lém shé har cly, agus do chuir shé an ré ó hueg dè.

An Múini.

Is mairig a ghíolhach é fén er a n-íossach shé. Ní uiligean sär-aicmi sloura.

## 42.—AN CAPAL AGUS AN FIE.

Ví fie agus capal a n-än osycht. Hroideadar. Toishc na hayrca giàra do veh er a vie do vueg she er a gapal agus do ghíbir shé às a vosycht é. D'imig a capal a trial er a vear, agus ghin shé a ghreán lesh, agus d'iar shé er cûnav do húirt dò chun an ie do varú.

"Conas iàtuingshi cûnav do húirt doit ?" ersan fear. "Tá an fie ró ghiàr 'na rih ghom."

"Biàrhadsa er mo vuin hu," ersan capal, "agus tiucuimíd suas lesh."

"Tá go mah," ersan fear. "Ní muar dom, âv, srian agus ialuit do chur ort."

"Táim sásda," ersan capal, "ach go vicead díoltas dá imirt er an róguiri úd na n-ayrc."

Do cuireag srian agus ialuit er a gapal agus chueg an fear er a vuin. Do leanag a fie. Do rih shé a vad, ach do hánahas suas lesh agus do maryg é.

"Shea !" ersan capal, "Bíoch son igì ! Táim sásda inìsh. Sguíl uet mi. Táim ana väch díot."

"Ó ! Ambàsa," ersan fear, "ni iàtuing tu sguíli uem er a guma son. Nuer a veg a fie sho iti agùm, ní muar dom tusa veh agùm chun ceau



eli do varú. Ta árd chushycht agùt. Is muar a sheans a ví oram agus tu heacht chúm. Túrhad do ghóhin le n' ihi ghoit, ná bíoch agal ort."

Tá an capal fé smacht an ir ó hin.

An Múini.

Is olc é an rún díoltuish.

Má's mian leat olc do ghiànav er do nâuid agus cûnav d'áil chuigi, shachuin sar ar veasa ghoit chút an cûnav ná an nâuid. Shachuin sar a niànfá mar ghin Diarmuid Vuíl na Mó.

## 43.—AN T-IASGUIRI AGUS AN CEÓL.

Ví fear er bruach na houn. Píobuiri dob ea é. Cheap shé, fé mar vailíoch shé na duíni chun a ruíngci lesh a geol, go meaulhach shé na héshc às an ouing lesh a geol. Ví shé a sheint agus a sheint agus a sheint dóiv, ach níor chuireadar än tuím aun. Fé gheri do chah shé ueg an fíb agus do riug shé er na líontuiv. Hug shé an líon lán lesh, an chiàd iaracht ná a chéli. Ví an líon er a bort igì agus é lán d'iasguiv, agus iad a lémirig aun.

"Ach ! níl én chial aguìv," er shishan. "Ní ríngceach shiv le ceól ó chianuiv, agus inìsh táhí a ruíngci gan ceól !"

An Múini.

"Ésht le fuem na houn is gheo tú breac."

## 44.—COGAR AN VEHIR.

Ví bert ear a shúl trí chuíl uegineach. Ví's acù go roiv droh-ainivihi muara aun. Ghineadar maraga le n-a chéli go gosanóidísh a chéli dá díoch än tóir orha.

Ba gheár gur shúd behir chúha amàch à tiuv na graun. Ví duini acù iàdaram lúfar agus d'imi shé suas craun mar ghiànhach cat. Ví's ig an vear eli ná fiàtach shé an behir do hroid a n' änar. Ish é rod a ghin shé ná é fén do chahav er a dalav agus a anál do chimeád, mar 'ghea gur chorpán é. Ví's igì ná híossach a behir ach a rod a vaireóch shé fén. Háinig a behir a n' aici. Chuir shé a hrón chun a chlueshi agus chun a vél. Chimeád an duini 'anál mar ví 'anam er. Cheap a behir go roiv shé marav dáiríriv, agus d'imi shé.

Nuer a ví an behir imihi háinig fear a chruíng anuas. Ví shé a mion-gháirí agus a maga.

" Cad a ví ig an vear muar úd dá reá leat ? " er shishan. " Ba vuar a shó an chogarnach a ví er shúl aguìv. Chnuc a hrón buelti suas let' chluesh."

" Ví," ersan fear eli, " cogarnach adaruing. Duert shé lium an aid a vairhing irísh gan úntuív do húirt à fear meata, do gheaulhach an fód do hasav agus ansòn do rihach chô luah agus chíhach shé an tóir a teacht."



An Múini.

Ná gél do chayint än duini go vicir a ghníov.

## 45.—AN MADA RUA MÄL.

Do rugag er vada rua a n-ingil lá, agus d'ág shé 'ereabal aun. Ví shé ansòn ag imeàcht imeàsc a chôrsan gan giub de'n ereabal er, agus ish é a ví go cráiti. Víoch cesht agus náiri agus ceaun fé er nuer chíoch shé an chuid eli agus na sguaba breáha troma a titim agus a luasga laishtiar díov, agus a gheri fén gan tuínti er, an fear bocht.

Háinig ana vishneàch dò nuer airi shé an fógra ó'n vrog úd do leishach a säl, dar lesh, ach nuer a chnuic shé cad é an says a frog do hit a lug er a lag irísh igì.

Fe gheri chuíni shé er heft a chuirhach é, dar lesh fén, ó veh 'na houmpala hälta imeàsc a chôrsan. Chuir shé shgiàla amàch gur vah lesh a chôrsuin go lér do heacht chuigi er än láhir, a lis áirihi a ví a lár cuili. Hánadar. Ní roiv blúiri cuingi acù lesh a ngnó a ví igì ghíov.

Háini shé anáirdi er húrtóig a ví a lár a leasa agus do louir shé leó er a guma so.

" Fiàch ! " er shishan, " a vadary rua, tá ní a diànav mearahil dom le fada, agus measuim nách ceart dom é chimeád nísh shia er m'aigini gan cur

as úr góir. Is mó cúntúirt agus is mó umárd a víon as ciún a vada rueg ó vaidin go híhi agus ó Luan go Saharan. Bíon a fiach 'na ghieg, agus bíon fear na ngéan 'na ghieg, agus bíon fear na gearc 'na ghieg, agus is deocuir dò dol uaha go lér. Ba ghó lium gur cheart do na madaruív rua, an chiàd ní ná a chéli, an rod is mó húrhach cûnav chun bèarha orha, é chahav uaha. Ba ghó lium gur vah an chial dóiv é. Ní dó lium go vuil cial is feár ná é." Do sdad shé agus d'iàch shé 'na hímpal orha. Ní eadaradar ó halav a dôuin cad é an fuadar a ví fé, nú cad er go roiv shé a teacht. D'iàchadar èr, agus d'iàchadar er a chéli. Níor louir éngi acù.

"Tá," er shishan, "ayrca er a vie, agus bíoch gur cûnav cosanta ghò iad, is feár ná son de chûnav chun bèarha èr iad. Tá ualach unta agus tá greim mah le fáil orha. Tá ereabal er a vrauncach, agus má héan lesh imeàcht ó'n sdáca agus a cheaun do há a boul, is minic go vanan a t-ereabal lasmùh de'n foul, agus go mertear er, agus go daruigtear an frauncach amàch às a boul agus go mueltear buili dá cheaun er a gloih, rod nár v'édir a ghiànav mara mèach a t-ereabal. Níl ayrc ná ereabal er ghiorä, agus tá a rian èr, téan shé às chuíhi go dí go mertear er chouil er. Tá shé buelti ishdeàch am aigini, agus derim go láidir é, gur mó mada rua mah atá iti ig gayruiv le blien, agus do vèach ansò beó a n-ár measc iniùv, mara mèach a t-ereabal. Víoch na nihi sho a teacht am aigini go minic, a vad sar ar



buineag a t-ereabal díom fén, ach ó sgaras lesh an ualach ish ea higim a shgiàl a geart. Derim gan âuras än vada rua do vuinhach a t-ereabal dè fén gur luas raha ghò é, gur sgarûint le hualach dò é, gur chúmpórd suiti ghò é, gur lyd er a chúntúirt ó ghayruiv é, agus gur v'aid er a häl é. Is chuigi hugas ansò shiv chun na nihi shin do chur as úr gôir. Än vada rua gur vah lesh säl fada, säl suerc cúmpórdach do veh igì, chôirleoing dò an t-ualach ereabuil do vuint de fén láirhach. Is dôsa is ceart an chôirli shin do húirt uem mar tá fis dá häv a shgél agùm ó buineag a t-ereabal díom fén. Ní roiv is agùm ryav a geart cad a vuin le cúmpórd ná le hiàsgacht shúil, ná le sásdacht aigini, go dí gur buineag a t-ualach son díom. Cheapas gur cheart dom a shgiàl d'ínshint dívshi."

Do sdad shé. D'eirig sheana vada rua haul agus chuir shé casàchdach veog às. D'iàch shé 'na hímpal agus sult 'na húiliv, "Is âula mar atá an shgiàl agùmsa," er shishan. "Tá an teana sguab so le fada laishtiar oram," agus d'iàch shé shiar erhi, "agus níor vuin än ghayr iread agus ruibi fós aishdi. Is dó lium gur muar an ohin í sa dúluachuir. Ba ghó lium dá muinfí ghíom í gurab âuluig a vèach gahéngi a fiàchuint oram a d'iaruig a ghiànav amàch ceòcu mada rua mi nú banav muici. Má ráiníon— a vad ueng a t-olc!—trap nú ingeal nú fiacal gayir á vuint díom, is muar a sásav aigini lium a is do veh agùm uetshi go vuil na mahasy úd go lér

am chóir. Go dí son is dó lium go niànhad sheft er chur suas le n-a hualach."

Níor leogag a hili cayinti às, d'eirig a lihéd shin d'uel gháirí muar hímpal a leasa.

### An Múini.

Má víon dálta an vada rueg vuíl ort, ná bí a d'iaruig duíni eli ghiànav chô dona leat fén. Táid duíni agus is beog ná gur chuma leo cad é an donas a vèach orha fén ach go mèach donas chô muar lesh er ghuini égin eli. Shachuin iad. Ní mah an ara iad.

## 46.—CIAL CHEANUIG.

Ví búishdér ag obuir 'na hupa. Ví cyra igì á gheara suas. Vuel shé cry na cärach laishtiar dè er vloc. " Biàrhig gayr égin a cry lesh," ersa bean a vúishdéara. " Níl än ghayr aun chuigi," ersan búishdér. D'an a shgiàl mar shin er feag tamuil. Ansòn, nuer a ví cúl a vúishdéara lesh a mloc, do hleâunuig gayr iasachda ishdeàch, agus do shgiub shé an cry lesh. Ní roiv shé ach er a däv amùh de ghoras nuer a chnuic a búishdér é. " Bíoch shé agùt ! " ersan búishdér. " Is cial cheanuig dom é. Ni viàrhirshi, ná do lihéd, ceaun eli uem."

### An Múini.

" Is feár cial cheanuig ná ghá chél a múintear."



## 47.—AN PRÍOCHÁN AGUS AN CRÚSGA.

Ví sâura brohalach trim aun. Ví an talav 'na valc, an fiàr 'na hnuísh, an ihir 'na ceo, an ghrian a sgolta na graun, agus " an príochán a cur a heangan amàch," le neart gealáin agus brohil. Ví én fríochán aváin a glueshacht tríd a sbér agus é a rachduiv titim chun tailiv le tart. Chnuic shé crúsga er häv bóhir. Shúd anuas é, fiàchuint a roiv ishgi sa chrúsga. Vi sgrugal cäl ér a grúsga. D'iàch a príochán shys aun. Chnuic shé an t-uishgi hís, ach ví an sgrugal ró chäl agus ní iàtach shé a cheaun do chur shys. Chuir shé chun a chrúsga do leaga, ach ní iàtach shé fili ná feaca vuint às. Ví shé a gruachás. Ba hrua an shgiàl é. É a neri an anama le tart, agus a t-uisghi ansúd as côir a húl dá viàtach shé teacht er. D'iàch shé 'na hímpal. Ví gairivéal leata er a móhar. D'imig a príochán agus chroum shé er na clohíní beoga do fiuca agus do húirt lesh 'na ghob agus do chahav ishdeàch sa chrúsga. Níor v'ada gur háinig a t-uishgi inís agus gur ól shé a ghóhin.

### An Múini.

" Is cuma nú muc duini gan sheft."
" An té ná fuil láidir ní fláir dò veh glic."

## 48.—AN SHLIAV A DENGEAS.

Ví shliav a dír égin iasachda agus d'airig na duíni, lá, foharam agus búirhach uahásach a teacht às, agus é dá luasga agus dá lúba mar a vèach rod go mèach pian er. Do rihadar na duíni go lér, fiàchuint cad a ví ag imeàcht er a shliav nú cad fé neár a t-érleach. Do vuel éri úmpa agus é a teacht ó'n shliav." "Cad fé neár a t-érleach," ar shiad, "nú cad tá er a shliav ?" "Tá tengeas er a shliav," er shishan, agus d'imi shé.

D'anadar-son a fiàchuint er a luasga agus ag éshdeacht lesh an múirhach.

Er baul do lém luch amàch à poul a ví a däv a chnuic agus do sdad a chaishmirt.

"Ochón !" ersa cách. "Foharam muar er viogán cúshi."

An Múini.

Ná din "mórán cayinti er viogán cúshi."

Ná bíoch "deatàch muar as dro hini" agùt.

Ná bíoch "an focal muar agus an gníov beog" agùt.

Ná bíoch glór leoin agus cry luin agùt.



## 49—AN DÓRNÁN SLAT.

Ví fear aun agus ví cúigear nú sheshar mac igì, agus vídísh coitianta a bryn agus ag acharan agus a troid le chéli, a dreo go roiv a duini bocht ciapuihi acù.

Ghlaeg shé chuigi orha, lá, agus hisbeáin shé dórnán slat dóiv agus é ceanguilti le gad. Duert shé leo, an té iàtach a dórnán do vrishi 'na ghá leah treasna, go vácach shé a chuid igì, a dol chun báish dò.

Do riug duini acù er a nórnán. Do lúb shé é agus do chas shé é, ach do hep er é vrishi. Do riug duini eli acù er agus chuir shé er a ghlúin chuigi é, agus do lúb shé é, ach do hep er é vrishi. Do riug an tríú duini er agus chuir shé fé n-a choish er a dalav é, ach má chuir, do hep er é vrishi. De hep shé orha go lér.

Ansón do riug a t-ahir er a nórnán agus do sgur shé an gad, agus do vrish shé gach slat fé leh.

"Fiàch, a chlaun ó," er shishan. "Is cuma shivshi nú an dórnán slat son. An aid a ví an gad er a nórnán agus na slata dlúiti er a chéli, níor v'édir iad a vrishi. Ach nuer a sgurag a gad agus do sgarag na slata le n-a chéli, ní roiv än vac er éngi iad do vrishi 'na geaun is 'na geaun. Shin é an úghálta aguìvshi. An aid a chuirhi shiv le chéli, ní iàtuig éngi an lâv-uachtuir d'áil oruiv, ach má hagan fuah agus miosguish adaruiv, agus má hugan

shiv druím lâ le n-a chéli, gheófar an lâv-uachtuir láirhach oruiv."

An Múini.

Is mäl-ghualga gan vráhir, ach is mairig a víon gan driháir.

## 50.—AN TELIG.

D'imig león agus asal agus mada rua amàch a fiach, lá. B'é an maraga an telig do veh 'na trí treanuiv eatarha um hránhóna. Varydar fie. Duert a león lesh an asal an telig do royint. Do ghin a t-asal trí treana do'n ie. Ní túishgi chnuic a león a royint shin ná riug shé er an asal agus vairiv shé é. "Royingshi an telig," ersan león lesh a mada rua. "Níl ach bert aguìng ansò inìsh," ersan mada rua. "Níl le diànav de'n telig ach ghá chuid. Bíoch a corpán agùtsa, agus beg a ceaun agùmsa." Do haingh son lesh a león. Ví ocaras er, agus vèach béli vah igì.

Er baul nuer a ví a ghóhin iti igì agus an mada rua a glana an fluíshc, do louir shé.

"Cé vúin doit," er shishan lesh a mada rua, "conas selig do royint?"

"Do vúin a t-asal son haul," ersan mada rua.

"Conas iàtach shé shin rod a vúini ghoitshi," ersan león, "agus gan ólas igì fén er?"



"Sdó, shin é díreach a vúin mi," ersan mada rua, "ghin shé dearûd agus ghíol shé às, as côir mo húl. B'olc uem dá nining dom fén láirhach 'na ghieg a botún a ghin sheshan dò fén."

An Múini.

Ná cuir hu fén a gomórtas le ry, mara ry hu.

Ná héliv do cheart
Go vicir do neart.